

Éileamh ar Fhaoiseamh Imirce Ballstáit

Éileamh ar Fhaoiseamh i leith ranníocaíochtaí a rinneadh le Plean Pinsin Thar Lear faoi Alt 787N agus 787M den ACC, 1997



Féach ar na Nótaí agus samplaí lastall sula ndéanann tú an fhoirm a chomhlánú
COMHLÁNAIGH IN BLOCLITREACHA

Ba chóir an fhoirm a chur ar ais go leictreonach trí M'Fhiosruithe.

CUID 1 – Ba chóir don Bhallstát Imirceach ábhartha an chuid seo a chomhlánú

Ainm an Duine Aonair:

UPSP:

Seoladh:

Deimhním gur cónaitheoir cánach Éireannach mé le héifeacht ón / /

Sula ndeachaigh mé chun cónaitheachta in Éirinn, bhí cónaí orm in
(cuir isteach an tír ábhartha) ar feadh tréimhse leanúnach nach lú ná 3 bliana.

Thosaigh mé ag déanamh ranníocaíochtaí leis an bPlean Pinsin Thar Lear / / /
TPPU[1] ar (cuir isteach an dáta)

I gcás ranníocaíocht le fochuntas TPPU, léirigh an tír ina bhfuil an fochuntas á
choinneáil, le do thoil.

Deimhním go raibh na ranníocaíochtaí a rinne mé leis an bplean sula
ndeachaigh mé chun cónaitheachta in Éirinn incháilithe le haghaidh faoiseamh
cánach in (cuir isteach an tír ábhartha)

Deimhním go bhfuil treoir neamh-inchúlghairthe tugtha agam don Riarthóir Plean nó don Soláthraí PEPP aon
fhaisnéis a theastaíonn maidir le ranníocaíochtaí agus sochair ón bplean pinsin a sholáthar do Choimisinéirí
loncaim na hÉireann.

Sínith: Dáta: / /

Cuid 2 - Tá an chuid seo le comhlánú ag Riarthóir an Phlean.

Ainm an Phlean Pinsin

Seoladh

Uimhir Thagartha Cánach

Uimhir Pholasaí an Bhaill

Dáta ar tháinig an ball isteach sa Phlean Pinsin / /

Dáta tosaithe na ranníocaíochtaí / /

Ranníocaíochtaí a rinne an ball sa bhliain dar críoch / /

Méid an Airgeadra .00

Ranníocaíochtaí a rinne fostóir an bhaill sa bhliain dar críoch / /

Méid an Airgeadra .00

Dáta ar tháinig an sochair de bheith iníoctha ar dtús / /

Deimhním go bhfuil an plean bunaithe chun sochair scoir a sholáthar agus chun na críche sin amháin, agus go
bhfuil ranníocaíochtaí leis an bplean incháilithe le haghaidh faoiseamh cánach
(cuir isteach an tír ábhartha)

Measfar foirmeacha éilimh mar neamhbhaillí má thíolactar iad gan Cuid 2 a bheith comhlánaithe ina n-íomláine ag riarthóir an Phlean / soláthraí TPPUanna, agus seolfar ar ais iad gan iad a phróiseáil. Féach na nótaí treorach thíos.

Treoirnótaí:

Leagtar amach in Alt 787M agus 787N den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (ACC 1997) an chaoi a dtabharfar an faoiseamh do ranníocaíochtaí ó oibríthe imirceacha ábhartha do phleananna pinsin thar lear.

Cé a fhéadann éileamh a dhéanamh

Tá faoiseamh ar fáil i leith ranníocaíochtaí a d'íoc "ball imirceach ábhartha" an 1 Eanáir 2005 nó dá éis, a thagann chuig an Stát agus ar mian leis leanúint de bheith ag ranníoc le "plean pinsin cáilitheach thar lear" a bhí ann cheana féin le soláthraí pinsin i mBallstát eile den AE, nó faoi dhlí na Ríochta Aontaithe sa chás go bhfuil an plean bunaithe sa Ríocht AoAontaithe.

Sa chás nach gcomhlíonann duine an tástáil trí bliana ach go gcomhlíontar gach coinníoll eile, tugann Alt 787N(2) den ACC, rogha do na Coimisinéirí Ioncaim caitheamh le duine aonair mar "bhall imirceach ábhartha". Ba chóir cásanna den sórt sin a chur ar aghaidh chuig an oifig áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a dhéileálann le cúrsaí cánach an duine aonair.

Ní chuireann na Coimisinéirí Ioncaim an tástáil trí bliana i bhfeidhm i gcás ina ndéanann 'ball imirceach ábhartha' ranníocaíochtaí lena bhfochuntas TPPU is deireanaí, a osclaíodh i mBallstát eile. Ligeann sé seo do dhuine aonair a thagann de bheith cónaitheach in Éirinn, ó thaobh cánach de, ach nach gcuireann an soláthraí TPPU fochuntas TPPU ar fáil dó in Éirinn, faoiseamh cánach a éileamh ar ranníocaíochtaí leis an bhfochuntas deireanach atá ina sheilbh acu.

Níl aon ról díreach ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir lena chinneadh an bhfuil plean pinsin thar lear bunaithe chun sochair scoir a sholáthar agus chun na críche sin amháin, nó an bhfuil ranníocaíochtaí incháilithe le haghaidh faoisimh sa tír ábhartha. Dá bhrí sin, braitheann na Coimisinéirí Ioncaim ar riarthóir an phlean i mBallstát an AE / sa Ríocht Aontaithe chun sonraí den sórt sin a sholáthar chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil éileamh incháilithe.

Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, trí fhógra i scríbhinn, a iarraidh ar riarthóir plean pinsin cáilitheach thar lear a fuair treoir do-chúlghairthe cibé faisnéis agus sonraí, i ndáil le híocaíochtaí faoin bplean a sholáthar laistigh de 30 lá ó dháta an fhógra sin, mar a d'fhéadfadh na Coimisinéirí Ioncaim a éileamh le réasún.

Measfar foirmeacha éilimh mar neamhbhailí má thíolactar iad gan Alt 2 a bheith comhlánaithe ina n-iomláine ag riarthóir an phlean agus seolfar ar ais iad gan iad a phróiseáil.

Sonraí an chuntais bainc le haghaidh aisíocaíochta (in Euro) d'éilimh neamhchónaitheoirí

Ainm an éilitheora:

Sonraí cuntais bainc:

IBAN (34 carachtar ar a mhéad)

BIC (11 carachtar ar a mhéad)

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

[1] Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach. Leasaigh an tAcht Airgeadais 2022 reachtaíocht san Acht Comhdhlúite Cánacha (ACC) chun na forálacha a bhaineann le cánachas ar chonarthaí TPPU in Éirinn a chur san áireamh.

[2] Mar a shainmhínítear in Alt 787M(1) den ACC